## Gníomhaíocht 2, *Symphonie Fantastique,* Gluaiseacht IV

**An Aip Éisteachta** HIGGINS & HIGGINS

Téigh go dtí an Aip, nó Play Store, and íoslódáil an aip Higgins & Higgins. Tá sé ar fáil saor in aisce. Faigh an cód gníomhachtaithe anseo: higginsandhiggins.ie

Éist le ***Rian 61***, an intreoir, agus líon isteach an chairt thíos.

Ná féach ar an scór ná ar an bhfíseán ag an bpointe seo. Is cosúil le scrúdú éisteachta iad na ceisteanna ar na saothair dhualgais. Foghlaim conas éisteacht i gceart. Mura bhfuil tú ábalta na huirlisí sa ghluaiseacht seo a shainaithint, déan dul siar orthu anseo.

Ainmnigh na huirlisí atá le cloisteáil, san ord ina dtagann siad isteach. Liostaigh aon tréith cheoil a thugann tú faoi deara.

| | Uirlisí | Tréithe an cheoil |
|---|---|---|
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| 4 | | |
| 5 | | |

Anois, féach ar an bhfíseán. (Roghnaigh an cháilíocht físeáin is airde!)




Freagair ceisteanna 1 - 4 gan an scór. Ansin, bain úsáid as an scór chun do chuid freagraí a sheiceáil, agus chun ceisteanna 5 – 9 a fhreagairt.

## Líon na bearnaí agus ciorclaigh na freagraí cearta

1. Seinneann na Timpani na nótaí _____ agus ____ (an fréamh agus an tréach de chorda an tonaigh i mionghléas G). Úsáideann siad rithim le séphléadaigh (6 chamán seinnte i luach minim), ansin seinneann siad _____.




2. Seinneann olldord agus dordveidhil ...

(a) Gm, pizzicato, cordaí briste

(b) Gm, pizzicato, bloc-chordaí




3. Seinneann na coirn mhaothaithe móitíf le beagán sioncóipithe




(a) I ngluaiseacht chontrártha

(b) I ngluaiseacht chomhchosúil

4. Liostaigh na huirlisí san ord ina dtagann siad isteach ó thús na hintreorach:
    - Timpani, Db & Cb
    - Tagann Corn isteach
    - Tagann _____ isteach
    - Tagann _____ isteach
    - Tagann _____ & _____ isteach

5. Dinimic: I ndiaidh crescendo, tagann mionchorda G. Cén comhartha dinimice a thugtar don chorda sin? _____.

6. Dinimic: Tosaíonn an intreoir ag _____ agus críochnaíonn ag _____.

7. Luas na gluaiseachta seo ná _____, a chiallaíonn bríomhar go leor, ach gan a bheith róbhríomhar.

8. Tá an ghluaiseacht seo i ngléas _____. (Tá nod i gceist 1.)

9. Is é _____ an t-amchomhartha sa ghluaiseacht seo. Tugtar *alla breve* air, rud a chiallaíonn 2 mhinim i ngach barra.

## Naisc

https://higginsandhiggins.ie/teachers/

https://philharmonia.co.uk/resources/instruments/

https://youtu.be/1QMginmlFyU